


COMHAD FÍRICÍ: TEICNEOLAÍOCHT DHIGITEACH GCSE



Aonad 2

COINCHEAPA DON CHEAPADÓIREACTH DHIGITEACH



Tástáil

Torthaí Foghlama

Ba chóir do dhaltáí a bheith ábalta:

- Na cuir chuige seo a leanas i leith na tástála a mhíniú:
 - Tástáil Struchtúir;
 - Tástáil Feidhmiúlachta;
 - Tástáil Chórais;
 - Tástáil Alfa;
 - Tástáil Béite; agus
 - Tástáil A/B.
- Cur síos ar an dóigh a dtástáiltear na nithe seo a leanas i bpacáiste ilmheán:
 - Nascleanúint;
 - Oibriocht sócmhainní ilmheán;
 - Agaí lódála; agus
 - Tástáil scripte.

Inneachar

- Cuir chuige i leith na tástála.
- Pacáistí ilmheán a thástáil.

Cuir chuige i leith na Tástála

Is féidir tástáil a dhéanamh ag gach céim den tsaolré forbartha bogearraí. Tá sé thar a bheith tábhachtach go soláthraíonn plean tástála treoracha nó oibríochtaí atá le déanamh i gcás gach céim tástála. Ba cheart na rudaí seo a bheith i bplean tástála:

1. An tástáil atá le déanamh
2. Na sonraí tástála atá le déanamh
3. An toradh ionchais
4. An toradh iarbhír

(Seo thíos sampla de phlean tástála do bhunachar sonraí. Is féidir pleananna tástála den chineál chéanna a úsáid do thástáil bogearraí ar bith.)

Uimh. Tástála:	Cur síos	Sonraí na tástála	Toradh Ionchais	Toradh Iarbhír	Nóta Tráchta
1	An osclóidh an scáileán baile nuair a osclaím an bunachar sonraí	Clíceáil go dúbailte ar an ríomhchlár	Osclaíonn an scáileán baile	Nocht an scáileán baile	
2	Ball a chur leis an bhunachar sonraí	Ball nua a iontráil ag úsáid na foirme a cruthaíodh	Cuirfear taifead nua le tábla na mball	Cuirtear taifead nua le tábla na mball	
3	Seiceáil riail bhailíochtaíthe an phostchóid	Cuir postchód breige isteach m.sh. BT 3456	Ba chóir go nochtfadh teachtaireacht earráide	Nocht an teachtaireacht earráide	

Tá roinnt teicnící ann ar féidir iad a úsáid le tionscadal a thástáil.

Tástáil Struchtúir

Seo teicníc a úsáidtear le staidéar a dhéanamh ar struchtúr nó ar loighic ríomhchláir. Déanann tástáil struchtúir tástáil a théann níos faide ná comhéadan an úsáideora agus isteach i gcód an ríomhchláir. Roghnaíonn an tástálaí ionchuir le conairí a chleachtadh tríd an chód agus déanann sé cinneadh ar aschuir chúí.

Buntáistí

- ✓ Is féidir é a thosú ag céim níos luaithe
- ✓ Ní gá fanacht leis an GUI a bheith cruthaithe
- ✓ Níos críochnúla – clúdaítear an chuid is mó de na conairí

Míbhuntáistí

- x Is féidir leis an tástáil a bheith casta, tá acmhainní le scileanna arda de dhíth
- x Tá eolas críochnúil ar an ríomhchlárú agus ar an chur i bhfeidhm de dhíth
- x Is féidir le cothabháil script tástála a bheith ina fadhb má athraítear feidhmiú rómhinic
- x B'fhéidir nach mbeadh uirlisí ar fáil go réidh do gach cineál feidhmithe/ardán

Tástáil Feidhmiúlachta

Tástáil feidhmiúlachta, déanann sí tástáil ar na bogearraí gan a fhios ag an úsáideoir ar struchtúr inmheánach an chóid nó an ríomhchláir. Roghnaítear ionchuir chuí bunaithe ar chomhéadain an chórais. Mar shampla, tástáil a dhéanamh ar struchtúr nascleanúna suíomh gréasáin, ag dearbhú go dtógfaidh gach nasc a roghnófar an t-úsáideoir chuig leis an leathanach a bhfuil sé/sí ag dúil leis.

Buntáistí

- ✓ Cuirtear tástálacha i gcrích ó dhearcadh an úsáideora deiridh agus nochtar neamhréir ar bith ón tsonraíocht i féin
- ✓ Ní gá go mbeadh eolas ag an tástálaí ar aon teangacha ríomhchlárúcháin ná ar an dóigh ar cruthaíodh na bogearraí
- ✓ Déanann comhlachtaí neamhspleácha nach bhfuil baint acu leis na forbróirí na tástálacha a chur i gcrích, agus mar gheall air seo, bíonn peirspictíocht neamhchlaonta ann
- ✓ Is féidir tástálacha a chur i gcrích a luaithe a chuirtear na sonraíochtaí i gcrích

Míbhuntáistí

- x Ní féidir ach líon beag de na tástálacha ionchuir féideartha a chur i gcrích, agus fágann sin a lán cosán gan tástáil
- x Bíonn sé deacair tástálacha a dheardh mura bhfuil sonraíochtaí soiléire ann
- x Má tá cás tástála déanta ag an dearthóir/forbróir cheana féin, b'fhéidir nach mbeadh gá leis an tástáil neamhspleách

Tástáil Córais

Cinntíonn an tástáil córais go bhfeidhmíonn an córas mar a bhfuil cur síos air sa tsonraíocht. Déantar seo trí phlean tástála a úsáid le gach feidhm chórais ar leith a thástáil, le tástáil a dhéanamh le sonraí antoisceacha nó neamhbhailí agus lena thástáil go dtáirgeann an córas iomlán na torthaí cearta do na sonraí ionchuir.

Buntáistí

- ✓ Ionsamlaítear úsáid iarbhír an chórais
- ✓ Ní dhéantar talamh slán de thuairimí ar bith faoi struchtúr an chórais

Míbhuntáistí

- x Is féidir earráidí loighce a chailleadh
- x Tá féidearthacht ard ann go ndéanfar tástáil iomarcach

Alfa-thástáil

Is féidir alfa-thástáil a chríochnú sula gcríochnaítear an córas ina iomláine agus b'fhéidir go mbeadh fabhtanna go fóill ann. Tugann forbróirí na bogearraí do spriocghrúpa teoranta de thástálaithe taobh istigh de chomhlacht an fhorbróra féin.

Buntáistí

- ✓ Tugann tuiscint níos fearr ar iontaofacht an táirge
- ✓ Ionsamhaíonn iompraíocht san fhíor-am
- ✓ Is féidir droch-earráidí a bhrath
- ✓ Is féidir earráidí a bhrath go luath

Míbhuntáistí

- x Ní féidir an fheidhmiúlacht a thástáil go hiomlán mar go bhfuil an córas go fóill ag céim forbartha
- x B'fhéidir go mbeadh forbróirí míshásta leis na torthaí

Béite-thástáil

Sa Bhéite-thástáil, tugann na forbróirí an córas do líon custaiméirí faoi phribhléid mar chúiteamh as aiseolas cuiditheach a thabhairt. Cuirtear béite-thástáil i gcrích i ndiaidh staidéar a dhéanamh ar thorthaí na halfa-thástála agus i ndiaidh aon athruithe a dhéanamh. De ghnáth, bíonn leagan na Béite-thástála an-chosúil leis an leagan chríochnaithe.

Buntáistí

- ✓ Laghdaítear an seans go dteipfeadh ar an táirge
- ✓ Feabhsaítear caighdeán an táirge trí aiseolas a fháil ón chustaiméir
- ✓ Méadaítear sástacht an chustaiméara
- ✓ Níl sé chomh costasach le modhanna eile le sonraí a bhailiú

Míbhuntáistí

- x Níos lú rialaithe mar cuirfeadh an tástáil i gcrích san fhiorshaol
- x Is féidir go mbeidh fadhb ann an custaiméir a choinneáil rannpháirteach
- x Is féidir go mbeidh fadhb ann na tástálaithe cearta a fháil

Tástáil A/B

In amanna, tugtar tástáil scoilte ar thástáil A/B. Baineann comhlachtaí úsáid as seo lena fháil amach cén dóigh ar féidir leo a gcuid bogearraí a fheabhsú. Taispeántar dhá leagan de na bogearraí d'úsáideoirí difriúla agus déantar anailís ar na torthaí lena fháil amach an fiú an fheabhas a lainseáil.

Buntáistí

- ✓ Furasta a chur i bhfeidhm
- ✓ Furasta an dearadh a thástáil
- ✓ Furasta anailís a dhéanamh air
- ✓ Solúbthacht

Míbhuntáistí

- x Líon teoranta coincheap – ní mór smaointe a thástáil ceann ar cheann
- x Bailiú sonraí neamhéifeachtúil

Pacáiste Ilmheán a Thástáil

Nascleanúint

Bíonn modhanna ann i ngach aon phacáiste ilmheán le bogadh thart ar an phacáiste. Ar shuíomh gréasáin, mar shampla, beidh nasc nó cnaipí ann le bogadh thart idir leathanaigh ghréasáin. Tugtar nascleanúint air seo. Is den tábhacht gach nasc/cnaipe a thástáil lena chinntiú go ndéanann gach ceann an rud atá sé in ainm a dhéanamh. Ba chóir plean tástála a tharraingt suas le gach cuid den phacáiste/tsuíomh gréasáin a thástáil.

Oibríocht Sócmhainní Ilmheán

Is é is sócmhainní ann na comhphárteanna éagsúla as a ndéantar doiciméad ilmheán amhail téacs, íomhánna socra, fuaim, físchomhaid, nó hipearnaisc. Ní mór gach ceann a thástáil ag baint úsáid as an phlean tástála lena chinntiú go n-oibríonn siad mar a bhíothas ag dúil leis. Mar shampla, má tá físeán sa doiciméad, ní mór é a thástáil lena chinntiú go bhfuil an físeán ag seinm nuair atáthar ag dúil leis agus gur féidir é a sheinm ar ardáin dhifriúla.

Uimhir na Tástála	Tástáil	Toradh Ionchais	Toradh Iarbhír	An Dóigh ar Réitíodh an Fhadhb
1.	Nasc agus Cnaipí	Ba cheart go mbeadh na cnaipí ag déanamh 'rolladh thar' trí dhath a athrú nuair a bhíonn luch ar foluain os a gcionn agus ba chóir go ndéanfadh siad nasc leis an leathanach cheart nuair a chliceáiltear air	Tá na cnaipí uilig nasctha leis na leathanaigh dá réir agus athraíonn siad dath nuair a rollann tú tharstu	
2.	Tá íomhánna taispeánta go soiléir	Ba chóir na híomhánna uilig ar an leathanach seo a thaispeáint go soiléir, ag méid cuí agus gan aon phicteiliú	Tá an lógó, na pictiúir sa Flash, an cúlra agus na pictiúir ag bun an leathanaigh ar an mhéid cheart agus is féidir iad a fheiceáil go soiléir gan picteiliú ar bith	

(Sampla de phlean tástála do shuíomh gréasáin.)

Agaí lódála

Is é is tástáil lódála ann ná an modh le tástáil a dhéanamh lena chinntiú go lódálann an córas mar atáthar ag dúil leis faoi thosca normalta agus faoi thosca buaic-ama araon. Ba chóir go sainithneodh tástáil agaí lódála an acmhainn uasta oibríúcháin agus aon fhadhbanna a ba chúis leis an chóras díghrádú.

Tástáil Scripte

Is gnách go ndéantar tástáil scripte ag úsáid tacar treoracha a dhéantar lena fháil amach má oibríonn an córas mar a bhíothas ag dúil leis. Seo an ceann is coitianta a úsáidtear i dtástáil uathobrithe. Is iondúil go n-úsáideann tástáil uathobrithe teangacha ar nós JavaScript, Python nó VBScript leis an chóras a thástáil.

Leabharliosta

Leabhair

BCS Glossary of Computing and ICT, 13ú eagrán, *BCS Academy Glossary Working Party*:

Leathanaigh – 299, 233, 240

Suíomhanna gréasáin

<http://softwaretestingfundamentals.com/white-box-testing/>

<http://softwaretestingfundamentals.com/black-box-testing/>

<http://softwaretestingfundamentals.com/test-script/>

<http://www.guru99.com/alpha-beta-testing-demystified.html>

<http://www.targetmarketingmag.com/article/advantages-and-disadvantages-ab-split-testing-landing-pages/>

<http://softwaretestingfundamentals.com/functional-testing/>

Ceisteanna

1. Cuir síos ar an difríocht idir Tástáil Feidhmiúlachta agus Tástáil Struchtúir agus mínigh cá huair a bhainfi úsáid as gach ceann acu.

(3)

2. Cad iad na buntáistí a bhaineann le Béite-Thástáil i gcomparáid le hAlfa-Thástáil?

(3)

3. Cad chuige a bhfuil sé tábhachtach córas a thástáil i gcoinne riachtanais an úsáideora?

(2)

4. Cad é an rud é Tástáil Ualaigh agus cad chuige a bhfuil sí tábhachtach?

(4)

